

# ❖ An Lúibín ❖

11 Nollaig 2018

## Regina Uí Chollatáin: comhalta nua an léinn Éireannaigh in Melbourne

Tá an tOllamh Regina Uí Chollatáin ag teacht go Melbourne mar Chomhalta Niocláis Uí Domhnaill 2019. Mar chomhalta beidh sí in ann leas a bhaint as cnuasach foilseachán i gColáiste Newman (Ollscoil Melbourne) atá bunaithe ar leabharlann an Dochtúra Uí Dhomhnaill, scoláire Gaeilge a fuair bás in Melbourne i 1920. Beidh sí ag fanacht i gColáiste Newman idir 4 Eanáir agus 15 Feabhra 2019 agus í ag déanamh taighde ar son monagraif dar teideal 'Pobal agus Scéal: Irish language media and revival in a global context'.

Tá gaisce déanta cheana ag Uí Chollatáin. Faoi láthair is Ceann Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, UCD í. Rinne sí PhD in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad le Scoláireacht ón gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (2000). Bronnadh Comhaltacht Iar-Dhochtúra Ollscoil na hÉireann i Léann na Gaeilge/ an Léann Ceilteach uirthi i 2003 agus fuair sí Ollúnacht Chuarite Shinsearach ó Fhondúireacht Ollscoileanna Éireann Cheanada 2012-13.



Is é an t-ábhar taighde is mó aici na meáin Ghaeilge agus ré na hAthbheochana, í ag iniúchadh réimse poiblí na meán ó Gutenberg go *Bolg an tSolair* (1795) agus meáin chomhaimseartha cló, craolta, agus ar líne. Tá suim aici sa rian a d'fhág an Athbheochan ar chúrsaí litríochta, teangeolaíochta, staire agus cultúir agus ar phobal domhanda na Gaeilge.

Tá a lán leabhar agus alt foilsithe aici. Bronnadh Gradam Lil Nic Dhonncha agus Bonn Dhonnchadh Uí Shúilleabháin uirthi i 1999, 2001 agus 2002 ag Oireachtas na Gaeilge as taighde ar Stair Chonradh na Gaeilge. Bronnadh Duais Oireachtais uirthi as *Iriseoirí Pinn na Gaeilge* (Cois Life, 2008) i gcomórtais liteartha an Oireachtais i 2008.

Is ball í de choiste Léann na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge agus na gCultúr Ceilteach in Acadamh Ríoga na hÉireann (ó 2015 i leith). Ba bhall í de Bhord TG4 (2007-12) agus bíonn sí le cloisteáil ar chláir litríochta, cúrsaí reatha agus faisnéise ar TG4, Raidió na Gaeltachta, RTÉ agus BBC.

Guímid rath uirthi agus í i mbun oibre san Astráil.



## A New History of the Irish in Australia

*Seo thíos againn leagan Gaeilge na cainte a thug an Dr Val Noone nuair a seoladh A New History of the Irish in Australia, leabhar leis an Dr Elizabeth Malcolm agus an Dr Dianne Hall, i gColáiste Newman ag Ollscoil Melbourne. Ar dtús chuir sé síos ar údair an leabhair.*

De shliocht Éireannach í Elizabeth agus in Sydney a tógadh í. Ba Phrotastúnach a hathair, William Johnston, fear a tháinig go dtí an Astráil in 1925 in aois a shé bliana déag ó fheirm i gContae Fhear Mhanach lena thuismitheoirí agus naonúr clainne eile. Astrálach ba ea a máthair Josephine ar tháinig sinsir léi ó dheisceart na hÉireann. Rinne Elizabeth staidéar ar stair na Síne agus na nAngla-Shacsanach sula ndeachaigh sí i mbun stair na hÉireann agus Patrick O'Farrell mar mheantóir aici. Chuaigh sí chun Coláiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath, áit a raibh T.W. Moody mar mheantóir aici. Chuaigh sí ag múineadh san Iorua, i mBéal Feirste, i mBaile Átha Cliath agus i Learpholl agus tháinig sí go dtí Ollscoil Melbourne in 2000 mar Ollamh Gerry Higgins an Léinn Éireannaigh.

Rugadh Dianne in Brisbane agus chaith sí trí bliana déag ina banaltra in Ospidéal Mater. Bhain sí Melbourne amach ar scoláireacht chun staidéar a dhéanamh ar mhná rialta in Éirinn sna meánaoiseanna, agus tar éis di dochtúireacht a bhaint amach chrom sí ar scríobh faoi na hÉireannaigh agus na hAlbannaigh i gcoilíneachtaí na hAstráile. Faoi láthair tá sí ina hollamh cúnata in Ollscoil Victoria.

In *A New History of the Irish in Australia*, tabharfaidh Elizabeth agus Dianne leo ar ghreim láimhe thú chun léargas a fháil ar áiteanna san Astráil Ghaelach nach raibh eolas agat orthu agus súil úr a chaitheamh ar áiteanna a shíl tú a raibh eolas agat orthu. Ní deir na húdair go bhfuil gach gné den scéal scagtha agus cíortha acu. Ach baineann siad tairbhe as foinsí agus modhanna nua, agus tarraingíonn aird neamhghnách ar chúrsaí cine, inscne, sláinte meabhrach, fostaíochta, polaitíochta agus creidimh. Seo treoir acu is furasta a úsáid chun teacht ar réimsí úra.

Ta an leabhar roinnte ina thrí chuid agus teidil shoiléire acu: *Race, Stereotypes* agus *Politics*. Cuireann na húdair a n-aidhmeanna in iúl mar a leanas (lch 19):

For readers today, whether they are Irish Australian or Australians with no Irish ancestry at all, the long journey of the Catholic Irish from unwelcome 'savages' to respected citizens provides a compelling story and, moreover, one with considerable contemporary relevance. Today Australia is a nation of immigrants – 49 per cent of the population were either born overseas or have at least one parent born overseas – just as it was during the 19th century. The story of how the Irish overcame often intense hostility to eventually become recognised as Australians holds out many lessons, not only about the past but potentially for the future as well.

Má shíl tú go ndearna na seandaoine áibhéil den réamhchlaonadh a bhí ag cuid mhaith d'Angla-Phrotastúnaigh na hAstráile i gcoinne Éireannach agus Caitliceach, tarraingíonn na húdair suntas ar an scéal.

### *Cine*

Tosaíonn Cuid 1 le cuntas ar an naimhdeas a bhí ag na Sasanaigh do na hÉireannaigh ón uair a rinneadh ionradh ar Éirinn sa 12ú haois. Téann siad ar aghaidh gan mhoill chun caibidle géire a fhiafraíonn an gráin nó cion a bhí ag lonnaitheoirí Éireannacha san Astráil ar na Bundúchasaigh. Mar shampla, tarraingíonn siad aird ar an triúr fear stoic as Éirinn a básaíodh as a bheith páirteach i mBundúchasaigh a mharú ag Myall Creek in 1828 ach tarraingíonn siad aird freisin ar an ngiúistís Éireannach a d'fhiosraigh an choir agus ar an Ard-Aighne a chuir an dlí ar na fir: 'Irish people were part of the story of Australian colonisation in all its complexity'.

Ansin déanann siad scéal na nÉireannach agus na Síneach in *White Australia* a chíoradh. Ní dóigh leo gur thaispeáin aon Éireannach bá leis na Síneach ag Lambing Flat ach déanann siad trácht smaointeach ar an 1,100 Éirannach mná a phós Síneach in New South Wales agus in Victoria sna blianta roimh Chónaidhm na hAstráile in 1901. Déanann siad tagairt don aigne fhrithchiníoch a bhí ag Bernard O'Dowd, ag an gCairdinéal Moran agus ag William Bede Dalley ach maíonn siad gur thaobhaigh mórán Gael-Astrálach le beartas an White Australia.

Mar sin féin, amach sa fichiú haois féin bhí acadóirí mór le rá ar nós Ernest Scott agus Baldwin Spencer claonta in aghaidh na nÉireannach agus is cosúil gur bhain an rialtas feidhm as beartas eoginiceach chun inimirce ó Éirinn a laghdú sna 1920í agus sna 1930í.

### *Steiréitiopaí*

Cuireann an dara cuid den leabhar síos ar steiréitiopaí Éireannacha sna meáin, i gcartúin agus ar an stáitse, go háirithe sa dara cuid den 19ú haois. Is dócha go bhfuil na sean-nathanna ar eolas agat: Éireannaigh ar nós ápaí, iad foréigneach, ar meisce, gránna, calaoiseach, bocht, amaideach agus ait. Pléann caibidil éifeachtach an magadh a dhéantaí faoi chailíní aimsire ó Éirinn mar Bhrídíní ciotacha crosta agus pléitear na fógraí a deireadh ‘No Irish Need Apply’.

Na caibidilí a chíorann coiriúlacht agus gealtacht tá siad lán d’eolas nua. Tugann siad léargas ar na claontuairimí a bhí ag dochtúirí agus ag póilíní. Déantar anailís chriticiúil ar na nótaí leighis a rinne Winifred Maitland agus í ag obair i dTeach Gealt Gladesville. Déantar tagairt do thuairim iriseora go raibh teaghlaigh ag úsáid Theach Gealt Kew sna 1870í chun fail réidh le ‘troublesome members’. Glacann na húdair leis go raibh roinnt mhaith daoine ó Éirinn sna tithe gealt ach taispeánann siad freisin go ndearna scríbhneoirí eile na huimhreacha a chur as a riocht. Is dóigh liom go bhfuil an chaibidil i dtaobh gealtachta ar an gceann is radacaí sa leabhar.

### *Polaitíocht*

Polaitíocht is ábhar don tríú cuid den leabhar. Tugann na húdair fianaise fhuaimintíúil i dtaobh an tionchair a bhí ag Domhnall Ó Conaill ar pholaitíocht choilíneach agus luann an dearcadh mí-fhabhrach a bhí ag an *Sydney Gazette* agus an *Sydney Morning Herald* ar an gConallach. Is é an chuid is suntasaí den chuid seo, dar liom, beathaisnéisí gearra na bpolaitíoirí Éireannacha agus Gael-Astrálacha ón 19ú haois. Pléann na húdair an ceangal a bhí idir Caitlicigh agus Páirtí an Lucht Oibre, agus mar chlabhsúr tá roinnt caibidilí acu ar na reifrinn faoin gcoinscriobh, ar Chogadh na Saoirse in Éirinn, ar Chogadh na gCarad agus ar an scoilt i bPáirtí an Lucht Oibre sna 1950í. Sa chuid seo den leabhar agus sna codanna eile déanann siad comparáidí fóna idir an Astráil agus Éire, idir Sasana agus na Stáit, agus áitíonn gur dream ar leith iad na hÉireannaigh san Astráil.

### *Iarfhocal*

Díreach mar a mhol E.P. Thompson do staraithe, tá Elizabeth agus Dianne tar éis a lán Gael-Astrálach a tharrtháil ó dhímheas ollmhór na staire. Tugann a nIarfhocal droim láimhe leis an lipéad ‘Anglo-Celtic’ agus deimhníonn arís go raibh Gael-Astrálaigh difriúil leis an dream de shliocht Briotanach a bhí in uachtar. Críochnaíonn siad le ceithre scéalta maslacha grinn a bhí le cloisteáil le beagán blianta anuas faoi na hÉireannaigh agus deir siad: ‘A nation of immigrants, like Australia was in the 19th century and is today, cannot afford to take such humour lightly: jokes, and the negative stereotypes they perpetuate, are a serious matter’.

Tarraingíonn an leabhar seo trí chomparáid anuas. Cuireann teideal an leabhair seo leabhar eile i gcuimhne dúinn, sin *A New History of Ireland*, saothar ar spreag T.W. Moody é sna 1960í. Tháinig naoi n-imleabhar amach agus an ceann deireanach foilsithe in 2005; mar chomparáid bhí Elizabeth agus Di ag obair faoi dheifir agus leabhar breá amháin foilsithe acu.

Caithfean an dara comparáid a dhéanamh le leabhar a d’fhoilsigh Patrick O’Farrell in 1986, *The Irish in Australia*. Scrúdaíonn Elizabeth agus Di leithéidí Alison Bashford, Stuart Macintyre, Miriam Dixon, Geoffrey Blainey agus Ross McKibbin, údair nár aontaigh le O’Farrell. Déanann Elizabeth agus Di díospóireacht le O’Farrell ina leabhar féin, ag easaontú leis uaireanta agus ag aontú leis uaireanta eile, ach an-mheas acu air i gcónaí. Is fíor do na húdair agus don fhoilsitheoir agus é ráite acu gur tráthúil an leabhar é seo agus a bhfuil d’ábhar nua foilsithe idir an dá linn. Aon duine atá ag obair ar stair a mhuintire nó ar aiste agus a d’fhéach le breis eolais a fháil ar rud a bhí i leabhar O’Farrell is deacair dó é a dhéanamh cheal fonótaí. Nil a leithéidí in easnamh ar *A New History of the Irish in Australia*: i 350 leathanach de théacs faighimid 76 leathanach d’fhonótaí agus de thagairtí.

Is é an tríú comparáid atá dhéanamh leis an taispeántas iontach Not Just Ned i dtaobh na nÉireannach san Astráil, taispeántas a léirigh Richard Reid sa Mhúsaem Náisiúnta in 2011. Caith mé súil ar léirmheas Di. Dúirt sí gur thaispeántas saibhir é agus ‘rich celebratory core’ aige, ach go ndearna sé beag de na ‘many negative experiences of the Irish born and those of Irish descent’. Cuid den obair atá ar siúl ag Elizabeth agus Di is ea na bearnaí a bhí sa taispeántas a líonadh.

Ligigí dom focail a bhaint as béal an Uachtaráin Mícheál D. Ó hUiginn agus é ag caint i rith sheoladh an *Cambridge History of Ireland*. B'fhéidir go bhfuil scoláirí óga anseo um thráthnóna a léifidh an leabhar seo agus a scríobhfaidh leabhair eile chun a bhfuil ann a athbhreithniú. Is féidir linn a rá gurb é sin tomhas ghaisce Elizabeth agus Dianne.

Foilseoidh Cork University Press an leabhar i Mí Feabhra 2019.

Tá leagan Béarla den chaint seo le fáil ag <https://tintean.org.au/2018/12/07/irish-australia-getting-more-interesting/>



## Foinsí an phobail

Cúpla eagrán ó shin d'fhoilsíomar léirmheas ar *Who We Are and How We Got Here: Ancient DNA and the New Science of the Human Past*, leabhar le David Reich a bhfuil an cuntas is déanaí ann ar an dul chun cinn iontach atá déanta le beagán blianta anuas sa taighde géineolaíoch. Tá baint ag an ngéineolaíocht le malartú teanga agus cultúir, agus is léir gur mór an malartú a tharla in Éirinn dá bharr, gan trácht ar thíortha eile. Is beag oidhreacht ghéineolaíoch a fuair pobal na hÉireann (mar atá siad anois) ó na daoine a thóg Brú na Bóinne ná ó na sealgairí a tháinig i dtír i bhfad roimhe sin. Lonnaigh dream nua sa tír, dream ar minic a dtugtar an tAos Eascra orthu, agus astu sin is mó a fáisceadh muintir stairiúil na hÉireann.

Tá fianaise ann go raibh sealgairí ina gcónaí in Éirinn faoi 10,500 Rch; uair éigin roimh 4000 RCh tháinig na chéad fheirmeoirí, agus timpeall 2500 RCh thosaigh an Chré-umhaois lena cuid uirlisí miotail. Tháinig an tAos Eascra isteach uair éigin roimh an gCré-umhaois. Deir Reich:

British and Irish skeletons from the Bronze Age that followed the Beaker period had at most 10 percent ancestry from the first farmers of these islands, with other 90 percent from people like those associated with the Bell Beaker culture in the Netherlands.<sup>1</sup>

Tá a leithéid chéanna le déanamh amach ó thaighde a foilsíodh níos luaithe.<sup>2</sup> Is dócha go raibh crómasóm G ag na feirmeoirí, rud a bhfuil baint aige leis an Neasoirtheor: ón Anatóil a tháinig na feirmeoirí sa chéad dul síos. Ach tá an comhartha G chomh gann le 1.5% anois in Éirinn. Tháinig R1b ina áit agus baint aige leis an Aos Eascra. Scaip an dream sin feadh an taoibh Atlantaigh den Eoraip, agus tá baint ar leith ag na hÉireannaigh leis an bhfo-ghrúpa S116 de R1b, fo-ghrúpa a fáisceadh as an Ibéir.

Tá fianaise eile le fáil in DNA miteacoindreach (mtDNA), rud a thagann anuas trí ghinealach na mban. Thug an tAos Eascra mtDNA nua leo, agus is beag duine anois san Eoraip a bhfuil mtDNA na chéad fheirmeoirí aige.

Síltear gurb iad lucht úd an chomhartha R1b a thug an Ind-Eorpais leo chun na hEorpa, teanga a raibh fotheangacha eile ag eascairt aisti timpeall 2500 RCh. Bhí an Cheiltis ar na teangacha sin: bhí sí á labhairt san Ibéir, agus áitítear go ndeachaigh sí feadh an chósta ó thuaidh mar theanga choilínithe agus thrádála nó gur bhain sí an Bhreatain agus Éire amach.

Timpeall 8,800 bliain ó shin a tháinig na chéad fheirmeoirí úd ón Anatóil. Ní dhearna siad idirmheascadh leis an lucht sealgairí a bhí rompu san Eoraip go ceann dhá mhíle bliain ar a laghad. Síleadh tráth gurbh iad na feirmeoirí seo sinsir na nEorpach atá anois ann agus gurb iadsan a thug leo an Ind-Eorpais. Tá na géineolaithe ar mhalairt tuairime anois. Rinne siad amach gur fáisceadh pobal nua, na Yamnaya, as machairí móra na hÁise Láir beagnach cúig mhíle bliain ó shin agus gur tháinig siad in ionad na seanphobal i lár agus in iarthar na hEorpa. Thug seandálaithe 'muintir na nGréithre Cordacha' orthu as an maisiú atá ar a gcuid earraí. Bhí vaiginí, capaill agus daimh acu agus bhí siad tugtha don chogaíocht.

<sup>1</sup> Reich, David. *Who We Are and How We Got Here: Ancient DNA and the New Science of the Human Past*. Oxford University Press, 2018, lch 115.

<sup>2</sup> Feach alt suimiúil ó University College London: [https://www.ucl.ac.uk/mace-lab/genetic-ancestry/guff\\_documents/Genocide\\_in\\_Ireland.pdf](https://www.ucl.ac.uk/mace-lab/genetic-ancestry/guff_documents/Genocide_in_Ireland.pdf).

Is dócha, mar a dúradh thuas, gur tríd an dream nua seo a d'fhódaigh an Ind-Eorpais. Is dócha freisin gur thug siad an phlá leo, galar a raibh cosaint éigin acu féin air ach a d'fhéadfadh sléacht a dhéanamh ar phobail eile. Ó dhream úd na nGréithre Cordacha a d'eascair an tAos Eascra.



## An Timpeallacht

### Bogaigh agus portaigh

#### Éire

Is mó an méadú a dhéanann an mhóin ar an téamh domhanda ná an gual féin.<sup>3</sup> Is lú an méid fuinnimh a chuireann sí ar fáil ná mar a dhéanann an gual, ach is mó an méid dé-ocsaíd charbóin a scaoileann sí amach. Is beag an t-ionadh go bhfuil deireadh ag teacht le húsáid na móna mar bhreosla i dtithe agus i ngléasra cumhachta.



Lár Mhóin Alúine agus é saothraithe ag Bord na Móna  
*Wikimedia Commons*

Déantar móin as plandaí dianscaoilte atá le fáil i dtimpeallacht a bhfuil easpa ocsaigine air, go háirithe i dtalamh báite. Má scriostar an mhóin ligeann sé méid mór dé-ocsaíd charbóin amach, go háirithe i bhfoirm meiteáin.

Tá Bord na Móna ag dúnadh seacht bportach déag agus tá an chuid eile le dúnadh faoin bliain 2025; ní bheidh feidhm ar bith á baint as an móin aige faoin mbliain 2030.

#### An Íoslainn

Tionscadal mór anois san Íoslainn caomhnú an bhogaigh. Agus cuid mhór de sin na portaigh.<sup>4</sup>

Baineann an Íoslainn le biothóm an tundra Artaigh. Ardáin agus sléibhte gan chrainn is ea an tundra, agus ní fhásann sa chuid is mó de ach caonach, féar agus toir bheaga. Riasca agus móinteáin is mó atá le fáil sa tundra, ach san Íoslainn is portaigh 30% den talamh faoi phlandaí. Tá idir éin agus plandaí áirithe ag brath ar an mbogach – 90% d'éin na hÍoslainne, i ndáiríre.

Sna 1930í tosaíodh ag draenáil an bhogaigh, ó níl na móinteáin oiriúnach do churadóireacht ná d'iníor. Bhí an rialtas ag íoc feirmeoirí as draenáil a dhéanamh agus féar a chur ag fás. Níor chlis orthu: meastar gur baineadh 35,000 ciliméadar de chlaiseanna san Íoslainn i gcaitheamh an fichiú haois. Ach nuair a thriomaíonn bogach, mar a chonaiceamar, téann ocsaigin i bhfeidhm ar charbóin, rud is cúis le gáis ceaptha teasa. Leanann bogaigh thriomaithe orthu ag scaoileadh dé-ocsaíd charbóin fad is atá ábhar orgánach iontu, agus dá fhad í an tréimhse a

<sup>3</sup> <https://www.irishtimes.com/news/environment/why-peat-is-most-damaging-fuel-in-terms-of-global-warming-even-worse-than-coal-1.3674537>

<sup>4</sup> Tinna Eiríksdóttir, 'Drained Wetland in Iceland,' *Iceland Review*, 15 Lúnasa 2018: <http://icelandreview.com/magazine/2018/08/15/helping-world-breathe>

chaitear ón am draenála is ea is deacra iad a athchóiriú. Síltear nach bhfuil ach 3% den bogach slán i ndeisceart na tíre.

Anois an deis dheireanach a bheidh ag na hÍoslannaigh an triomú a bhacadh agus an talamh a bhí ina bhogadh a dhéanamh fliuch arís.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

## Foinsí an phobail

Tamall ó shin d'fhoilsíomar léirmheas ar *Who We Are and How We Got Here: Ancient DNA and the New Science of the Human Past*. Tugann an t-údar, David Reich, cuntas ar an taighde géineolaíoch.<sup>5</sup> Pléann sé an ceangal idir géineolaíocht, teanga agus cultúr. Is beag oidhreacht ghéineolaíoch a fuair pobal na hÉireann ó na daoine is túsce a tháinig chun na tíre. Fuair siad an chuid is mó di ó dhaoine a tháinig níos déanaí agus a dtugtar an tAos Eascra<sup>6</sup> orthu. Tháinig siad sin isteach uair éigin roimh an gCré-umhaois<sup>7</sup>.

Taispeánann fianaise an DNA gur crómasóm G a bhí ag na chéad fheirmeoirí in Éirinn. Tá baint aige sin leis an Neasoirtheas<sup>8</sup>. Tá an crómasóm sin an-ghann anois san Eoraip. Tháinig crómasóm eile ina áit: R1b. Tá baint aige leis an Aos Eascra. Sin é an crómasóm is mó atá ag na hÉireannaigh.

As an Ibéir (an Spáinn agus an Phortaingéil) a tháinig an saghas R1b atá ag na hÉireannaigh. Chomh maith leis sin, thug an tAos Eascra DNA nua miteacoindreach<sup>9</sup> leo – DNA a bhaineann le mná.

Sílítear gurb iad na daoine sin a thug an Ind-Eorpais<sup>10</sup> leo chun na hEorpa. As an Ind-Eorpais a tháinig an Cheiltis. Bhí an Cheiltis á labhairt san Ibéir, agus deir scoláirí go ndeachaigh sí ó thuaidh go dtí gur bhain sí an Bhreatain agus Éire amach.

Taispeánann an ghéineolaíocht gur tháinig pobal nua, na Yamnaya, as machairí na hÁise Láir beagnach cúig mhíle bliain ó shin. Chuaigh siad siar agus soir agus ghlac seilbh ar iarthar na hEorpa. Astu sin a tháinig an tAos Eascra.

---

<sup>5</sup> géineolaíoch - genetic

<sup>6</sup> Aos Eascra – 'Beaker folk' (users of a distinctive type of pottery)

<sup>7</sup> Cré-umhaois – Bronze Age

<sup>8</sup> Neasoirtheas – Near East

<sup>9</sup> Miteacoindriach - mitochondrial

<sup>10</sup> Ind-Eorpais - Indo-European (language)

### **Dealbhóir 1**

Nuair a bhris sí an chloch  
bhrúcht bláthanna amach  
nach raibh ag teastáil uaithe  
agus dúil aici fós i gcruas  
a sheasfadh i gcoinne an tsiséil  
go nochtfaí áilleacht chlochach:

na bláthanna ag borradh  
fós sa dealbh ghonta  
ag sárú an tseomra  
ag sárú na saolta

### **Dealbhóir 2**

B'fhurasta léi an cloigeann  
a shnoí  
ach chruaigh sé ina haghaidh  
ag tnúth leis an mbuille  
a chuirfeadh beocht sa dreach:

tharraing sí néal uirthi féin  
le súil go ndéanfaí an gníomh  
i mbrionglóid

ag imirt an tsiséil ar chloch  
gan tathag  
nó gur dhúisigh an buille deireanach í  
ag múscailt mheanma  
a marmair féin